COMÓRTAS AMHRÁNAÍOCHTA TRAIDISIÚNTA
RIALACHA & COINNÍOLLACHA

DHÁ RANNÓG
(a) Aonair; agus (b) Grúpa
Ní cheadófar níos mó ná trí iontráil ó aon tír in aon rannóg ar leith.

TÁILLE IONTRÁLA
Aonair €10; Grúpa €20

FOIRM IONTRLA
Úsáid Foirm Iontrála FPC3

(a) Aonair

Do dhaoine 16 bliana nó os a chionn

i) Is gá don iomaitheoir dhá amhrán a chanadh.
ii) Is gá amhrán amháin a bheith traidisiúnta. Is féidir leis an amhrán eile a bheith traidisiúnta, nó glacfar le hamhrán nua-chumtha (focail and ceol). Sa chás seo, is gá an t-amhrán a bheith de réir an traidisiúin.
iii) Is féidir leis an amhránaí é/í féin a thionlacann, nó tionlacan ceoltóra amháin a bheith aige.
iv) Is gá amhrán amháin a chanadh gan tionlacan.
v) Má bhuann iomaitheoir an comórtas seo dhá bhliain as a chéile ní bheidh cead aige/aici cur isteach air arís ar feadh 3 bliana.

Duaiseanna: Sciath Dhonnchadha Uí Shúilleabháin & €150; €80 & €60.

(b) Grúpa

i) Ní ghlacfar le níos mó ná ochtar i ngrúpa.
ii) Is gá dhá amhrán a chanadh.
iii) Caithfidh amhrán amháin acu a bheith traidisiúnta. Is féidir leis an amhrán eile a bheith traidisiúnta nó nua-chumtha (focail agus ceol). I gcás amhrán nua-chumtha is gá an t-amhrán a bheith de réir an traidisiún.

Duaiseanna: Trophy & €300; €150 & €75

AMHRÁN NUA-CHUMTHA SA MODH TRAIDISIÚNTA

I gcás Comórtais A & B tá sé de cheart ag na moltóirí duais €100 a bhronnadh ar chumadóir an amhráin nua (ceol and focail) is fearr, dár leo, má bhíonn siad sásta gur sroicheadh caighdeán cuí.

Chun go gcuirfí iontráil san áireamh le haghaidh na duaise seo, is gá d'iomaitheoirí a chur in iúl, roimh ré, go gcanfar amhrán nua-chumtha, agus iarrtar orthu na focail, le haistriúchán, agus an ceol mar aon le

hainm(neacha) an chumadóra / na gcumadóirí a sheoladh isteach in éineacht leis an bhfoirm iontrála.

Féach freisin ‘Rialacha Ginearálta na gComórtas’ agus ‘Rialacha Gineárlta na Féile’.